



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004

OIDEACHAS SAORANACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL

DÉ hAOINE, 11 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 3.30

Stampa an Ionaid

Scrúduimhir

TREORACHA

1. Déan deimhin de go scríobhann tú d'uimhir scrúdaithe sa bhosca thuas.

2. Freagair gach cheist i Roinn 1 (18 marc)
 Freagair trí cheist ar bith i Roinn 2 (42 marc)
 Freagair ceist amháin ar bith i Roinn 3. (20 marc)
 Iomlán (80 marc)

3. Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ann dóibh.

4. Tabhair an páipear seo ar ais ag deireadh an scrúdaithe.

TÁBHACHTACH: Beifear ag siúl leis go glóifidh tú leis an gcur chuige a chleachtaítear sa chúrsa O.S.S.P. ó thaobh cearta daonna de agus tú ag freagairt an pháipeir seo.

Don Scrúdaitheoir		
	Ceist	Marc
Roinn 1	Q1	
	Q2	
	Q3	
Roinn 2	Q1	
	Q2	
	Q3	
	Q4	
Roinn 3	Q1	
	Q2	
	Q3	
	Q4	
IOMLÁN		
Suim na n-ionlán ag iochtair na leathanach		
Bónasmharc don fhreagairt trí Ghaeilge		
MÓRIOMLÁN agus bónasmharc don Ghaeilge san áireamh		

ROINN 1

Freagair GACH ceist sa roinn seo.


1. Taispeánann na fótagraif seo leanas ceathrar ceannairí polaitiúla atá, nó a bhí, ag obair i gceann de na ceithre fhoirgneamh cháiliúla atá liostaithe thíos. Cuir ainm ceart an fhoirgnimh ina mbíonn, nó ina raibh, siad ag obair os comhair gach fótagraif.
Níl cead agat ainm gach fhoirgnimh a úsáid ach AON UAIR amháin.

Foirgnimh: Áras an Uachtaráin

An Teach Bán

Uimh. 10 Sráid Downing

Teach Laighean



(a) _____



(b) _____



(c) _____



(d) _____ (4 mharc)

2. Ainm na hEagraíochta:

Trócaire

Amnesty Idirnáisiúnta

An Cumann Shiomóin

Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC i mBéarla)

Déanann gach cuntas diobh seo thíos cur síos ar obair eagraíocht **AMHÁIN** atá liostaithe thusa.
Taobh le gach cuntas scríobh ainm na heagraíochta a ndéanann sé cur síos uirthi dar leat.

Is ceadmhach ainm AMHÁIN a scríobh taobh le gach cuntas.

Cuntas ar obair na heagraíochta	Ainm na heagraíochta
Eagraíonn feachtas chun leanaí a chosaint	
Oibríonn den chuid is mó le daoine sa domhan i mbéal forbartha	
Féachann i ndiaidh riachtanas na ndaoine gan dídean in Éirinn	
Díríonn aird ar shárú cearta daonna i dtíortha éagsúla	

(4 mharc)

3. Scríobh abairt chun **GACH ceann diobh seo leanas a mhíniú:**

Is é Dáil Éireann ná _____

Is é Seanad Éireann ná _____

Is é Bunreacht na hÉireann ná _____

Is é Áras an Uachtaráin ná _____

Is é an Taoiseach ná _____

(5 mharc)

4. Ainmnigh **CÚIG thír a bhain amach ballraíocht ionlán san Aontas Eorpach i mí na Bealtaine 2004:**

(a) _____

(b) _____

(c) _____

(d) _____

(e) _____

(5 mharc)

ROIINN 2.

Freagair TRÍ cheist ar bith de na ceisteanna 1, 2, 3, 4, thíos.

Tá 14 mharc ag dul do gach ceist.

1. Vótáil Leictreonach

Déan staidéar ar an bpictiúr atá clóite ar an mbileog scaiolte ar leith.

Ar bharr an leathanaigh feicfidh tú “Vótáil Leictreonach – pictiúr do Cheist 1 Roinn 2.”

Nuair a bheidh staidéar déanta agat ar an bpictiúr seo, freagair na ceisteanna thíos.

- (a) Cén cineál vótála atá ar siúl sa phictiúr seo? Cuir (✓)sa bhosca taobh leis an bhfreagra ceart dar leat. Cuir (✓) i mbosca **AMHÁIN**.

Vóta in Olltoghchán

Vóta i Reifreann

(1 mharc)

- (b) Luaigní cús **AMHÁIN** le do fhreagra.

(1 mharc)

- (c) Cén difríocht atá idir “vótáil leictreonach” agus an córas vótála atá in úsáid faoi láthair?

(2 mharc)

- (d) Luagh buntáiste **AMHÁIN** agus míbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann le vótáil leictreonach.

Buntáiste amháin ná _____

Míbhuntáiste amháin ná _____

(4 mharc)

- (e) Nuair a tugadh vótáil leictreonach isteach den chéad uair i 2002 níor cuireadh i bhfeidhm é ach i dtrí thoghcheantar as daichead a haon toghacheantar. Luagh cúis **AMHÁIN** dar leat nár triaileadh é ach i dtrí thoghcheantar.

Cúis amháin ná _____

(2 mharc)

- (f) Seachas olltoghchán agus reifreann, ainmnigh **DHÁ** chineál toghcháin eile is féidir leis an Rialtas a ghlaoch.

Cineál toghcháin 1 _____

Cineál toghcháin 2 _____

(4 mharc)

2. **Ceannlínte**

Déan staidéar ar na ceannlínte nuachtán atá clóite ar an mbileog scaoilte ar leith.
Ar an leathanach feicfidh tú “Ceannlínte do Cheist 2 Roinn 2”.

Nuair a bheidh staidéar déanta agat ar na ceannlínte seo, freagair na ceisteanna thíos.

- (a) Cé atá ag lorg cainteanna le Ahern?

Cén cineál ionaid atá le dúnadh?

Cén dream a chaill a spriocdháta don athchúrsáil?

(3 mharc)

- (b) Ainmnigh **DHÁ** scéal atá luaite sna ceannlínte seo.

An chéad scéal _____

An dara scéal _____

(2 mharc)

- (c) Dá mbeadh feachtas á eagrú agat ar scéal **AMHÁIN** diobh seo le do rang OSSP, ainmnigh agus mínigh go hachomair **DHÁ** ghníomh a dhéanfá chun an feachtas a chur ar siúl.

Ainm an chéad ghníomh _____

Míniú _____

Ainm an dara gníomh _____

Míniú _____

(4 mharc)

- (d) Sa bhliain 2003 d'eagraigh an tAontas Eorpach feachtas dar teideal *Bliain Eorpach na n Daoine le Míchumais*. Cén cuspóir a bhí ag an bhfeachtas seo dar leat?

Is é an cuspóir a bhí ag *Bliain Eorpach na n Daoine le Míchumais* ná

(2 mharc)

- (e) Ar éirigh nó nár éirigh leis an bhfeachtas seo, dar leat?
Cuir (✓) i mbosca **AMHÁIN**.

D'éirigh leis

Níor éirigh leis

Luaigh cúis **AMHÁIN** le do fhreagra.

(3 mharc)

3. An Chomhaireacht

Déan staidéar ar an bhfótagraf den Chomhaireacht AGUS ar an eolas ar an gComhaireacht atá clóite ar an mbileog scoilte ar leith. Ar bharr an leathanaigh feicfidh tú “An Chomhaireacht – pictiúr agus eolas do Cheist 3 Roinn 2.”

Nuair a bheidh staidéar déanta agat ar an bpictiúr seo agus ar an eolas freagair na ceisteanna thíos.

(a) Cá mhéad Airí Rialtais atá sa Chomhaireacht? _____

(1 mharc)

(b) Duine amháin atá sa Chomhaireacht ná an tAire Airgeadais. Ainmnigh na teidil atá ar **BHEIRT** Airí eile:

An tAire _____

An tAire _____

(2 mharc)

(c) Cé mhéid ban atá ina nAirí sa Chomhaireacht? _____

(1 mharc)

(d)Luaigh **DHÁ** chúis a bhfuil níos lú ban ná fir sa saol polaitiúil in Éirinn.

An chéad chúis _____

An dara cúis _____

(4 mharc)

- (e) Déan cur síos ar **DHÁ** ghníomh a d'fhéadfadh an Rialtas a dhéanamh chun spreagadh a thabhairt do bhrefis ban seasamh i dtogcháin.

An chéad ghníomh _____

An dara gníomh _____

(6 mharc)

4. Míchumas – Eochair Eolais

Is é an Bord Athshlánaithe Náisiúnta a chuir an Eochair Eolais seo leanas ar dhaoine le míchumais ar fáil. Déan staidéar go cúramach ar na pointí eolais seo agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh seo.

Eochair Eolais

- Léirigh suirbhé a rinne an Bord Athshlánaithe Náisiúnta go raibh eolas ag 70 faoin gcéad a ceistíodh ar threalamh a dhéanfadh an saol níos éasca dóibh, ach is beag duine ar fad síobh arbh acmhainn dóibh an trealamh a cheannach.
- Faigheann daoine a mbuaileann míchumas iad agus iad ag obair liúntais níos airde ná daoine a bhfuil míchumas orthu ón mbreith.
- Cuireann foirgnimh agus seirbhísí cosc ar dhaoine le míchumais go minic páirt a ghlacadh sa saol ó lá go lá.

- (a) De réir an tsuirbhé seo, cén céatadán daoine le míchumas nach raibh an t-airgead acu chun trealamh a cheannach a dhéanfadh an saol níos éasca dóibh?

(2 mharc)

- (b) Cén difríocht atá lúaite idir dhaoine a fhaigheann míchumas agus iad ag obair agus iad siúd le míchumas ón mbreith?

(2 mharc)

- (c) Luaigh sampla **AMHÁIN** den chaoi a bhféadfadh foirgneamh **NÓ** seirbhís cosc a chur ar dhaoine le míchumas páirt a ghlacadh sa saol ó lá go lá.

(2 mharc)

- (d) Déan cur síos ar **DHÁ** ghníomh a d'fhéadfadh **SCOIL** a dhéanamh chun feabhas a chur ar na cúinsí do mhic léinn le míchumas.

An chéad ghníomh _____

An dara gníomh _____

(4 mharc)

- (e) Déan cur síos ar **DHÁ** ghníomh a d'fhéadfadh **TUSA** a dhéanamh chun feabhas a chur ar an dearcadh atá ag na mic léinn eile sa scoil i leith daoine le míchumas.

An chéad ghníomh _____

An dara gníomh _____

(4 mharc)

ROINN 3.

Freagair ceann AMHÁIN de na ceisteanna 1, 2, 3 4 thíos.

Tá 20 marc ag dul do gach ceist.

Má tá breis páipéir uait chun an cheist seo a fhreagairt, iarr é ar an bhFeitheoir Scrúdaithe le do thoil.

1. Na Mairbh ar na Bóithre

Le blianta beaga tá feachtas fógraíochta ar an teilifís tionscnaithe ag an Roinn Comhshaoil chun lion na marbh ar na bóithre a laghdú. Tá sé ar intinn ag an rang OSSP suirbhé a dhéanamh i do chomharsanacht áitiúil chun an tuairim atá ag daoine mar gheall ar na feachtas fógraíochta seo a fháil amach.

- (a) Déan cur síos ar **DHÁ** ghníomhaíocht ranga a d'eagrófá a chuideodh le do rang OSSP an suirbhé seo a phleanáil agus a ullmhú. (6 mharc)
- (b) Scríobh síos **TRÍ** cheist a chuirfeá sa suirbhé seo. Luaigh cúis a gcuirfeá **GACH** ceist díobh. (6 mharc)
- (c) Déan cur síos ar **DHÁ** ghníomhaíocht eile i ndiaidh an tsuirbhé a d'fhéadfadh an rang OSSP a dhéanamh a chuideodh le poiblíocht a fháil do na torthai. (8 marc)

2. Toghchán Áitiúla

Tá tú roghnaithe ag do pháirtí polaitiúil chun seasamh mar iarrthóir don pháirtí sna toghcháin áitiúla.

- (a) Mar iarrthóir sa toghchán áitiúil ní mór duit feachtas a ullmhú. Ainmnigh **TRÍ** cheist pholaitiúla ar mhaith leat iad a chur chun tosaigh sa toghchán seo. I gcás ceist **AMHÁIN** díobh seo mínigh cén fáth a gceapann tú gur ceist thábhachtach pholaitiúil í. (8 mharc)
- (b) Déan sceitse de phóstaeir a dhéanfá a dhearadh don fheachtas toghcháin. Ba chóir mana oiriúnach a chur isteach sa sceitse, chomh maith le línlíocht imlíneach nó ghráfach. (6 mharc)
- (c) Seachas bileoga feachtas agus póstaer thoghcháin, ainmnigh agus déan cur síos ar **DHÁ** bhealach eile arbh fhéidir le do pháirtí polaitiúil tacaíocht a thabhairt duit i d'fheachtas toghcháin. (6 mharc)

3. Cogadh san Iaráic

Mar chuid de Lá Idirnáisiúnta na gCearta Daonna (10 Nollaig) tá sé socraite ag an rang OSSP taispeántas poiblí agus díospóireacht a thionól mar gheall ar chúiseanna agus thorthaí Chogadh na Iaráice.

- (a) Tá sé beartaithe agat roinnt póstaer a chur i geló don taispeántas. Tarraing imlíne de cheann **AMHÁIN** de na póstaer seo. San imlíne ba chóir ainm cheannaire domhanda a chur isteach **AGUS** an chúis a thug sé/sí a ndeachaigh sé/sí chun cogaidh san Iaráic. (6 mharc)
- (b) Scríobh litir chuig Ambasadóir cheann amháin de na tiortha a chuir saighdiúirí chun troda sa chogadh agus tabhair cuireadh dó/di a bheith páirteach sa ghrúpa cainteoirí a dhéanfaidh díospóireacht ar chúiseanna agus ar thorthaí an chogaidh.

I do litir, mínígh don ambasadóir

- cén fáth a bhfuil tú ag tabhairt cuireadh dó/di a bheith páirteach sa díospóireacht
- cén fáth a gceapann tú a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh eolas ceart ag daoine óga mar gheall ar cheisteanna domhanda dá leithéid

AGUS

- luaigh ainm eagraíocht **AMHÁIN** eile leis/léi ar thug tú cuireadh dóibh a bheith i láthair ag an díospóireacht agus na cúiseanna ar thug tú cuireadh don eagraíocht sin. (6 mharc)

- (c) Scríobh síos **CEITHRE** cheist a chuirfeá ar na cainteoirí mar gheall ar an gcogadh agus a thorthaí. (8 mharc)

4. Tubaist Chomhshaoil

Bhuail tubaist chomhshaoil (mar shampla, maidhm thalún, tine, tuile, nó truailliú) do theaghlach, agus teaghlaigh eile sa chomharsanacht.

Tá coiste áitiúil gníomhaíochta curtha ar bun ag na teaghlaigh chun stocaireacht a dhéanamh le haghaidh cúnaimh. Tá tusa roghnaithe mar ionadaí óige ar an gcoiste seo.

- (a) Ainmnigh eagraíocht **AMHÁIN** ar chóir don choiste gníomhaíochta cúnamh a iarraidh uirthi. Luaigh **DHÁ** chúis ar chóir achainí a dhéanamh ar an eagraíocht seo. (6 mharc)
- (b) Scríobh alt gearr d'iris na scoile chun cuspóir an choiste ghníomhaíochta a mhíniú. Ba chóir duit a lua i do fhreagra **DHÁ** phointe éagsúla faoi chuspóir an choiste. (6 mharc)
- (c) Déan cur síos ar **DHÁ** bhealach a bhféadfadh baint a bheith ag do scoil le cúnamh a thabhairt don choiste gníomhaíochta seo. (8 marc)

Cuir ✓ le do thoil leis an gceist as Roinn 3 atá á freagairt agat.

Q. 1

Q2.

Q3.

Q4.
